



<b>Coláiste   Aonad Bainistíochta:</b>	Oifig an Leas-Uachtaráin um Straitéis agus Rannpháirtíocht Sheachtrach, UCD
<b>Scoil   Aonad:</b>	Oifig Caidrimh Ollscoile UCD
<b>Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair</b>	Intéirneach Margaíochta
<b>Tréimhse an Phoist:</b>	Conradh sealadach 11 mhí ar théarma seasta
<b>Grád:</b>	Cúntóir Feidhmiúcháin
<b>Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme</b>	Cumarsáid agus Margaíocht – Leibhéal Gairme 1
<b>Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist</b>	Ní bhaineann le hábhar
<b>Bainisteoir Líne</b>	Ceann Margaíochta, UCD nó ainmní
<b>Uimhir Thagartha an Chomórtais</b>	017669
<b>Riarthóir Acmhainní Daonna</b>	Jagoda Wychowaniak

### Achoimre ar an bPost:

Cuirfidh ról an Intéirneigh Margaíochta deis ar fáil chun raon scileanna margaíochta agus oibrithe foirne a fhorbairt d'Oifig Caidrimh UCD, atá freagrach as branda agus cáil UCD a fhorbairt, trí bharr feabhais UCD maidir le taighde agus nuálaíocht, foghlaim agus rannpháirtíocht dhomhanda a chur chun cinn. Tá aon duine dhéag san Aonad Caidrimh Ollscoile a bhfuil poist acu lena n-áirítear Cumarsáid, caidreamh Seachtrach Meán Cumarsáide, Meán Shóisialta agus Caidreamh Poiblí. Bíonn an fhoireann margaíochta laistigh den Oifig Caidrimh Ollscoile i mbun gníomhartha fíorthábhachtacha lena n-áirítear feachtais mhargaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta dírithe ar mhic léinn, feachtais chun saineolas acadúil a chur chun cinn, branda agus amharc-aithne a bhainistiú, agus pobal a fhorbairt.

Tacóidh an tIntéirneach Margaíochta leis an bhfoireann margaíochta maidir le gnéithe a bhaineann le tuiscint spriocphobail, pleanáil feachtais, táirgeadh cruthaitheach, tuairisciú agus barrfheabhsú feachtais, agus bainistíocht tionscadail. Chomh maith le ballraíocht san fhoireann, beidh deis ag an intéirneach tacú lenár gcuid oibre trí chomhoibriú le comhghleacaithe UCD agus le soláthraithe tríú páirtí. Beidh an t-iarrthóir idéalach ina (h)imreoir foirne cruthaitheach agus dea-eagraithe agus beidh suim aige/aici i margaíocht, brandáil, fógraíochta, pleanáil meán nó i dtáirgeadh cruthaitheach.

### Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

Agus é/í freagrach do Cheann Margaíochta UCD, nó a (h)ainmní, beidh sé de dhualgas ar an Intéirneach Margaíochta tacú leis na dualgais agus freagrachtaí seo a leanas:

- Tacú le forbairt agus táirgeadh sócmhainní feachtais margaíochta comhtháite, lena n-áirítear faisnéisiú agus táirgeadh cruthaitheach thar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do shócmhainní físe, fuaimne digití, taispeána digití, meán sóisialta, pictiúrlainne, raidió, clóite, lasmuigh agus nuachtáin.
- Tacú le forbairt agus bainistíocht caidreamh le gníomhaireachtaí seachtracha chun táirgeadh sócmhainní feachtais a chinntiú.
- Tacú le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtacht sócmhainní feachtais i lár agus i ndiaidh feachtais.
- Tacú le bainistíocht tionscadail, profáil, foinsiú agus eagarthóireacht a dhéanamh ar ábhar ó raon leathan páirtithe leasmhara chun a chinntiú go gcuirtear ar fáil iad in am chun ábhar margaíochta d'ardchaighdeán a sholáthar.

- A chinntiú go bhfuil na caighdeáin is airde i gceist i dtreoirlínte amhairc agus inste bhranda UCD agus go bhfuil gach ball de phobal UCD agus páirtithe leasmhara lasmuigh de UCD á leanúint.
- Tacú le tuairiscí, cuir i láthair agus ábhar margaíochta a chruthú chun cabhrú le branda comhsheasmhach, pearsantacht agus ábhar agus dearadh iarmharach agus spéisiúil a chinntiú.
- Caidrimh a fhorbairt le Cumarsáid UCD agus comhghleacaithe margaíochta i gColáistí, Scoileanna agus Aonaid chun comhordú teachtaireachta branda in ábhar margaíochta a chinntiú.
- Dualgais ábhartha eile agus tionscadail speisialta de réir mar a ordóidh Bainisteoir Margaíochta UCD nó a (h)ainmní

#### **Freagrachtaí Eile:**

- Oibriú mar chuid d'fhoireann fhoriomlán Margaíochta Oifige Caidrimh Ollscoile agus freagracht chomhroinnte a ghlacadh as tascanna foirne agus gníomhaíochtaí éagsúla.
- Tabhairt faoi thionscadail agus tascanna eile de réir mar is gá.
- An ról a chomhlíonadh ar bhealach a thacaíonn le agus a ailíníonn le Luachanna UCD - Coláisteacht, Cruthaitheacht, Éagsúlacht, Rannpháirtíocht, Sármhaitheas agus Ionracas.
- Aon dualgais eile a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham de réir riachtanais na hOifige Caidrimh Ollscoile.

#### **95 Cúntóir Feidhmiúcháin 2013 (7911) - Scála Tuarastail: €30,214 - €46,450 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Sonraí maidir le hincháilitheacht le haghaidh iomaíochta agus faisnéis faoi phinsin ar fáil ar

<https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilityto Compete/>

Fáiltíonn UCD roimh iarratais ó gach duine. Táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh, agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Foghlaim níos mó faoi Éagsúlacht ag

<https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/>

#### **Critéir Roghnúcháin**

Tá Creatlach Cnuasach Post in UCD agus tá an ról seo mar chuid de Chnuasach Post na Cumarsáide agus na Margaíochta agus tá sé ag teacht le Leibhéal Gairme 1. Tá tuilleadh sonraí maidir leis na hinniúlachtaí feidhmiúla agus lárnacha a ndéantar cur síos orthu sa Chreat Cnuasach Poist le fáil ag

<https://www.ucd.ie/hr/promotionsgrading/jobfamilies/>

#### Éigeantach:

##### **Riachtanais**

- Cláraithe faoi láthair i gclár céime Baitsiléara nó Máistreachta nó céim den chineál sin bainte amach le déanaí, céim Mhargaíochta, Chumarsáide, Margaíochta Digití más féidir, nó réimse a bhaineann leis.
- Dúil mhór i margaíocht, agus fonn foghlaim faoin réimse agus forbairt a dhéanamh ann.
- Taithí bhunúsach ar ardáin meán sóisialta amhail Instagram, TikTok, Youtube, LinkedIn, etc.
- Scileanna iontacha cumarsáide scríofa agus labhartha, agus pointeáilteacht.
- Cur chuige cruthaitheach agus a bheith in ann smaoineamh as an nua.
- Féinspreagtha agus toilteanach foghlaim agus tabhairt faoi dhúshláin.

- Ar fáil agus incháilithe ó thaobh Visa de chun dul i mbun intéirneacht 11 mhí ó mhí Mheán Fómhair 2024 ar aghaidh.
- Rachadh sé chun tairbhe, portfóilió a bheith ag an iarrthóir ina léirítear aon obair chúrsa, tionscadail, nó ábhar a cruthaíodh do na meáin shóisialta atá ábhartha.

#### Inmhianaithe

- Táirgeadh cruthaitheach, scríofa, grianghrafadóireacht, físeán
- Tuiscint ar an timpeallacht acadúil agus suim inti
- Líofacht sa Ghaeilge

#### Eolas Breise:

An Ollscoil:	<a href="https://www.ucd.ie/">https://www.ucd.ie/</a>
Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí	<a href="https://strategy.ucd.ie/">https://strategy.ucd.ie/</a>
An Scoil/Oifig Cláir/Aonad:	<a href="https://www.ucd.ie/universityrelations/">https://www.ucd.ie/universityrelations/</a>
Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú (EDI) ag UCD	<a href="https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/">https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/</a>

#### Fiosrúcháin Neamhfhoirmiúla AMHÁIN chuig:

Ainm:	Lisa Flannery
Teideal:	Ceann Margaíochta
Seoladh Ríomhphoist:	<a href="mailto:lisa.flannery@ucd.ie">lisa.flannery@ucd.ie</a>
Fón:	01-7161622